

Coláiste Naomh Éanna

Cód Iompair, Tinreamh agus Teanga

Aidhmeanna:

- Treoir a thabhairt do dhaltaí, múinteoirí agus fostaithe eile sa choláiste maidir le hionchais iompraíochta.
- Go bhfeidhmeoidh an choláiste le héifeacht agus go sábhilte.
- Go ndéanfar forbairt ar fhéinmeas daltaí agus go gcuirfear dea-iompraíocht chun cinn.
- Go gcothófar forbairt mothú freagrachta agus féinsmachta ins na daltaí, múinteoirí agus fostaithe bunaithe ar chomh-mheas, cásmhaireacht agus caoinfhulaingt.
- Foghlaim agus sealbhú na Gaeilge a éascú i dtaobh gach dalta.
- Cásmhaireacht a chothú i dtaobh daoine eile agus i dtaobh na timpeallachta.
- Cinntiú go mbíonn ar chumas na múinteoirí a gcuid oibre a dhéanamh agus ar chumas na ndaltaí foghlaim agus sealbhú a dhéanamh ar an nGaeilge.

Cuir i bheidhm

Tá páirt le glacadh ag gach ball de chomhphobal an choláiste maidir leis an gCód Iompair a chur i bhfeidhm. Beidh a laghad rialacha nn agus is féidir, cuirfear an bhéim ar dea-iompraíocht agus úsáidfear smachtbhannaí go cothrom agus g comhseasmhach.

Treoirínte ginearálta chun dea-iompraíocht a spreagadh

1. Glactar leis go ndéanfaidh daltaí, múinteoirí agus oibrithe eile an choláiste iad féin a iompar le comh-mheas agus cúirtéis i gcónaí lena chéile. Ní ghlacfar le iompar a chuireann isteach ar chearta daoine eile maidir le cúrsaí foghlama nó cúrsaí sábháilteachta.
2. Glactar leis go mbeidh gach duine cúrmach maidir le réadmhaoin an choláiste agus go gcoimeadfaidh siad an timpeallacht glan agus saor ó bhrúscar.
3. Glactar leis go mbeidh cuma néata ar dhaltaí, múinteoirí agus fostaithe eile an choláiste, go mbeidh leabhair agus fearas cuí ina sheilbh agus go mbeidh siad i láthair san áit cheart agus in am.
4. Glactar leis go ndéanfaidh na daltaí mar a deirtear leo sa rang agus go n-oibreoidh siad go díograiseach
5. Glactar leis go mbeidh na daltaí i láthair gach lá muna mbíonn cúis mhaith ag cur bac orthu, agus sa chás sin cuirfidh bean an tí an t-eolas chun a choláiste le glaoch fóin, le téacs ar an bhfón nó i scríbhinn, agus fáth na neamhláithreachta a bheith luaite.

Bulaíocht

Sainmhínítear bulaíocht mar seo: forrántacht a athdhéantar ag duine nó grúpa i gcoinne duine nó daoine eile a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm cainte, siceolaíoch nó fisiciúil. Is iad na gnáthchineálacha bulaíochtaná tadhaill fisiciúil le forrántacht, leasainneacha maslacha, imeaglú, sracadh, aonrú agu maslaí. Ní ghlacfar le bulaíocht agus beifear ag súil le comhoibriú leis an gcoláiste an t-am go léir, maidir le déileáil le cásanna bulaíochta i gcomhréir le polasaí frithbhulaíochta an choláiste.

Ag Déileáil le Mí-iompar

I gcás mí-iompair breathnóidh na múinteoirí, an príomhoide agus an coiste stiúrtha ar chuile eachtra go neamhspleách ag cur san áireamh cé chomh tromchúiseach is a bhí sé agus cé chomh minis is a tharla sé.

Samplaí de mhion-eachtraí mí-iompair

- Ag cur isteach ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa seomra ranga.
- Deireanach ag teacht go dtí na ranganna.
- Glórach sa seomra ranga.
- Ag caitheamh brúscair.

Mí-iompar Dáiríre

- Ag síor-chur as don rang.
- Ag goid.
- Ag déanamh damáiste do mhaoin dhaoine eile.
- Ag tromaíocht.
- Ag aisfhreagairt an mhúinteora/an phríomhoide.
- Droch-chaint nó eascaine.

Mí-iompar trom-chúiseach/fíor throm-chúiseach

- Duine eile a ghortú d'aon turas.
- Bheith faoi thionchar óil nó drugaí.
- Ais-fhreagairt mhímhúinte.
- Ag tabhairt airm bhagarthach go dtí an choláiste.
- Ag dó fearas coláiste.
- Iompar gharbh, bagarthach nó brúidiúil.
- Alcól, drugaí nó substaintí mídhlisteanacha eile a thabhairt go dtí an choláiste/teach lóistín san áireamh.
- Neamhaird fhollasach a dhéanamh d'údarás agus do rialacha an choláiste.

Ag Déileáil le Mion-Eachtraí

- Beidh beirt mhúinteoir agus duine eile ón gcoláiste i láthair. Is féidir gur múinteoir eile, rúnaí, an príomhoide nó duine den Choiste Stiúrtha a bheith ann.
- Plé leis an duine agus iarracht a dhéanamh réasúnú a dhéanamh leis/léi.
- Moltaí maidir le conas feabhsú.

Ag Déileáil le Mí-iompar Dáiríre

- Beidh múinteoir agus an príomhoide i láthair.
- Coinneoidh an príomhoide cuntas ar na heachtraí agus ar an gcruinniú.
- Foláireamh a thabhairt a chuid/cuid iompair a fheabhsú.

Ag Déileáil le mí-iompar tromchúiseach

- Ní mór do mhúinteoirí, miocléinn agus fostaithe eile an choláiste iompar tromchúiseach a thuairisciú don phríomhoide nó do dhuine den choiste stiúrtha láithreach nó chomh luath agus is féidir taréis dóibh an mhí-iompar tromchúiseach a fheiceáil nó a thabhairt faoi deara.
- Beidh cruinniú ag an gcoiste stiúrtha agus déanfaidh siad cinneadh an dalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an gcoláiste ar mhaith le sláinte agus sábháilteacht.
- Más fionraíocht a bheith i gceist beidh ar an dalta agus ar a t(h)uismitheoirí dearbhú i scríbhinn nach mbeidh mí-iompar thromchúiseach air/uirthi arís sula ligtear dó/di teacht ar ais sa choláiste.
- Beidh ar an dalta an teach lóistín sa choláiste a fhágáil i rith an tréimhse fionraíochta. Beidh sé de dhualgas ar an tuismitheoir nó duine a bheith ainmnithe ag an tuismitheoir an dalta a phiocadh suas sa teach lóistín.
- **I gcásanna eisceachtúla agus coireanna tromchúiseacha tá údarás ag an bpríomhoide ón gcoiste stiúrtha an dalta a chur ar fionraí láithreach gan dul tríd na gnáthchéimeanna roimh fionraí.**

Dualgais an Choiste Stiúrtha

- Timpeallacht atá compordach agus sábháilte a chur ar fail.
- Tacú leis an bPríomhoide agus leis an bhfoireann chun an cód a cur i bhfeidhm.
- An cód a dhaingniú.

Dualgais an Phríomhoide

- Atmaisféar dearfach a chothú sa choláiste.

- Cinntiú go ndéantar an Cód Iompraíochta a chur i bhfeidhm go comhseasmhach agus go cothrom.
- Socruithe a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód, de réir mar is gá.

Dualgais na Múinteoirí

- Tacú le, agus cur i bheidhm cód iompair an choláiste.
- Timpeallacht oibre sábháilte a chruthú le haghaidh gach macléinn.
- Ullmhúchán cuí a dhéanamh dá gcuid ranganna.
- Buanna indibhidúla agus difríochtaí idir dltaí éagsúla a aithint agus deiseanna a cur ar fail dóibh araon.
- A bheith múinte, comhsheasmhach agus cothrom.
- Dul i ngleic le mí-iompraíocht ar bhealach oiriúnach.
- Cásanna troma mí-iompraíochta nó cásanna athdhéanta mí-iompraíochta thaifead.
- Tacú le comhgleacaithe.

Dualgais na Mic Léinn

- Freastal ar an gcoláiste go rialto agus go poncúil.
- Éisteacht leis na múinteoirí agus aird a thabhairt ar threoracha/chomhairle.
- Meas thaispeáint do gach duine i gcomhphobal an choláiste.
- Bheith cúramach i leith réadmhaoin an choláiste agus na ndaltaí eile.
- Gan é/í fhéin a iompar ar bhealach ar bith a chuirfeadh daoine eile i ndainséar.
- Gan focail ghéara a rá, eascainí nó duine a bhaint as a ainm.
- Gan a bheith riamh faoi thionchar alcóil nó drugaí.
- Ábhair/leabhair chuí a bhreith leo chuig na ranganna.
- Rialacha an choláiste agus an ranga a choimeád.

Daingnithe ag an gCoiste Stiúrtha

Sínithe: _____

Cathaoirleach, An Coiste Stiúrtha

Sínithe: _____

Rúnaí, An Coiste Stiúrtha

Dáta: _____

